CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/221 ÓN gCOIMISIÚN

an 16 Feabhra 2022

lena n-eisiatar ó mhaoiniú an Aontais Eorpaigh caiteachas áirithe a thabhaíonn an Ríocht Aontaithe faoin gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus faoin gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT)

(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 798)

(Is ag an téacs sa Bhéarla a bheidh an t-údarás agus aige sin amháin)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 352/78, (CE) Uimh. 165/94, (CE) Uimh. 2799/98, (CE) Uimh. 814/2000, (CE) Uimh. 1290/2005 agus (CE) Uimh. 485/2008 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 52 de, i gcomhar le hAirteagal 131 agus Airteagal 138 den Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach,

Tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoiste um na Cistí Talmhaíochta,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 52 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, déanfaidh an Coimisiún na fíoruithe is gá, cuirfidh sé in iúl don Ríocht Aontaithe torthaí na bhfíoruithe sin, tabharfaidh sé dá aire na barúlacha ón Ríocht Aontaithe, cuirfidh sé tús le plé déthaobhach ionas go mbeifear in ann teacht ar chomhaontú agus cuirfidh sé a chonclúidí in iúl don Ríocht Aontaithe go foirmiúil.

(2) Bhí deis ag an Ríocht Aontaithe a iarraidh go seolfaí nós imeachta idir-réitigh, ach níor iarr sí é.

(3) I gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, ní fhéadfar a mhaoiniú ach caiteachas talmhaíochta, a tabhaíodh ar bhealach nár sháraigh dlí an Aontais.

(4) I bhfianaise na bhfíoruithe a rinneadh agus thorthaí an phlé dhéthaobhaigh, ní chomhlíonann cuid den chaiteachas arna dhearbhú ag an Ríocht Aontaithe an ceanglas sin agus dá bhrí sin, ní fhéadfar é a mhaoiniú faoi CERT agus CETFT.

(5) Na méideanna nach n-aithnítear a bheith inmhuirir le CERT agus CETFT, ba cheart iad a chur in iúl. Ní bhaineann na méideanna sin le caiteachas a thabhaítear níos mó ná 24 mhí sula dtugann an Coimisiún fógra i scríbhinn don Ríocht Aontaithe maidir le torthaí na bhfíoruithe.

(6) Na méideanna a eisiatar ó mhaoiniú an Aontais leis an gCinneadh seo, ba cheart a chur san áireamh leo freisin aon laghdú nó fionraíocht i gcomhréir le hAirteagal 41 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ós rud é gur de chineál sealadach iad na laghduithe nó na fionraíochtaí sin agus go bhfuil siad gan dochar do chinntí a dhéantar de bhun Airteagal 51 nó Airteagal 52 den Rialachán sin.

(7) Maidir leis na cásanna a chumhdaítear leis an gCinneadh seo, thug an Coimisiún fógra don Ríocht Aontaithe, i dtuarascáil achomair ar an ábhar ([2]), faoin measúnú ar na méideanna a bhí le heisiamh ar an ábhar nár comhlíonadh dlí an Aontais.

(8) Tá an Cinneadh seo gan dochar d'aon chonclúid airgeadais a bhféadfaidh an Coimisiún teacht uirthi ó na breithiúnais ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gcásanna a bhí ar feitheamh an 30 Meán Fómhair 2021,

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 549.
([2]) Ares(2021)7820062.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Eisiafar ó mhaoiniú an Aontais na méideanna a leagtar amach san Iarscríbhinn agus a bhaineann le caiteachas a thabhaíonn gníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe na Ríochta Aontaithe agus a dhearbhaítear faoi CERT agus faoi CETFT.

Airteagal 2

Dírítear an Cinneadh seo chuig Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 16 Feabhra 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
Janusz WOJCIECHOWSKI
Comhalta den Choimisiún

Cinneadh: 68 - an Ríocht Aontaithe amháin

Mír Bhuiséid: 6200

Ballstát	Beart	Bliain airgeadais	Cúis	Cineál	Ceartúchán %	Airgeadra	Méid	Asbhaintí	Tionchar Airgeadais
GB	Scéim na hÍocaíochta Bunúsaí	2019	Earráid aitheanta le haghaidh dhaonra CERT - Bliain airgeadais 2019	ÍOCAÍOCHT AONUAIRE		EUR	- 798,94	0,00	- 798,94
					Iomlán GB:	**EUR**	**- 798,94**	**0,00**	**- 798,94**

Airgeadra	Méid	Asbhaintí	Tionchar Airgeadais
EUR	- 798,94	0,00	- 798,94

Mír Bhuiséid: 6201

Ballstát	Beart	Bliain airgeadais	Cúis	Cineál	Ceartúchán %	Airgeadra	Méid	Asbhaintí	Tionchar Airgeadais
GB	CETFT - An fhorbairt tuaithe - Bearta faoi réir IACS	2020	Ráta neamhchomhlíontachta - CETFT IACS	ÍOCAÍOCHT AONUAIRE		EUR	- 111 920,32	0,00	- 111 920,32
	CETFT - An fhorbairt tuaithe - Bearta faoi réir IACS	2019	Ráta neamhchomhlíontachta i gcás CETFT - IACE - M 10	ÍOCAÍOCHT AONUAIRE		EUR	- 41 582,00	0,00	- 41 582,00
					Iomlán GB:	**EUR**	**- 153 502,32**	**0,00**	**- 153 502,32**

Airgeadra	Méid	Asbhaintí	Tionchar Airgeadais
EUR	- 153 502,32	0,00	- 153 502,32